Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/122

16.10.2023

**Iarraidh ar réamhrialú ó Oberlandesgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 19 Iúil 2023 – Fastned Deutschland GmbH & Go. KG, Tesla Germany GmbH v Die Autobahn GmbH des Bundes**

**(Cás C-452/23, Fastned Deutschland agus Tesla Germany)**

(C/2023/122)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberlandesgericht Düsseldorf

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóirí:* Fastned Deutschland GmbH & Go. KG, Tesla Germany GmbH

*Freagróir:* Die Autobahn GmbH des Bundes

*Páirtí leasmhar:* Autobahn Tank & Rast GmbH et Ostdeutsche Autobahntankstellen GmbH

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 72(1)(c) de Threoir 2014/24/AE ([1]) a léiriú sa chaoi go n-áirítear lena raon feidhme freisin conarthaí poiblí a bronnadh ar eintitis inmheánacha roimhe sin lasmuigh de raon feidhme Threoir 2014/24/AE ach nach bhfuil coinníollacha maidir le soláthar inmheánach infheidhme ina leith tráth athraithe an chonartha?

---

([1]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65).